

POBLACHT NA FRAINCE

An Aireacht um Aistriú Éiceolaíoch
agus um Chomhtháthú Críochach

Ordú an 21 Bealtaine 2024

lena leasaítear Ordú an 14 Nollaig 2023 lena leagtar síos liosta na leaganacha de ghluaisteáin phaisinéara leictreacha a bhfuil an scór comhshaoil íosta bainte amach acu chun a bheith incháilithe le haghaidh deontas áirithe chun feithiclí astaíochtaí ísle a cheannach nó a léasú

NOR: TRER2413113A

Lucht spéise ábhartha ceannaitheoirí agus léasaithe feithiclí; gairmithe feithicleach.

Ábhar: nuashonrú ar liosta na leaganacha de ghluaisteáin phaisinéara leictreacha a bhfuil an scór comhshaoil íosta dá dtagraítear in Airteagal D. 251-1 den Chód Fuinnimh, a leagtar síos le hOrdú an 14 Nollaig 2023, bainte amach acu, agus dá bhrí sin, tá siad incháilithe don bhónas éiceolaíoch le haghaidh gluaisteáin phaisinéara nua faoin gcritéar sin.

Teacht i bhfeidhm: tiocfaidh an tOrdú seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

Fógra: leis an Ordú seo, tugtar liosta na leaganacha de ghluaisteáin phaisinéara leictreacha cothrom le dáta a bhfuil an scór comhshaoil íosta dá dtagraítear in Airteagal D. 251-1 den Chód Fuinnimh, a leagtar síos le hOrdú an 14 Nollaig 2023, bainte amach acu, tar éis don Ghníomhaireacht um Bainistiú Comhshaoil agus Fuinnimh sainchomhad a chuir a monaróir isteach a scrúdú. Tá sé sin ar cheann de na coinníollacha incháilitheachta don bhónas éiceolaíoch le haghaidh gluaisteáin nua paisinéirí, atá nasctha leis an tionchar a bhíonn ag táirgeadh agus seachadadh na feithicle ar an gcomhshaol agus ar an aeráid. Sonraítear an liosta seo:

- an cineál, an t-athraitheach agus an leagan (TVV) a bhaineann leis an leagan a bhfuil an scór comhshaoil íosta bainte amach aige;
- cineál an leagain feithicle atá i gceist;
- samhail an leagain feithicle atá i gceist.

Tagairtí: is féidir an tOrdú seo, arna ghlacadh de bhun Airteagail D. 251-1 agus D. 251-1-A den Chód Fuinnimh, a cheadú ar shuíomh gréasáin Légifrance (<http://www.legifrance.gouv.fr>).

An tAire um Aistriú Éiceolaíoch agus Comhtháthú Críochach agus an tAire um Gheilleagar, Airgeadais agus Ceannasacht Thionsclaíoch agus Dhigiteach;

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise;

Ag féachaint do Chód Fuinnimh na Fraince, go háirithe Airteagail D. 251-1 go D. 251-13 de;

Lena leasaítear Ordú an 14 Nollaig 2023 lena leagtar síos liosta na leaganacha gluaisteáin phaisinéara leictreacha a bhfuil an scór comhshaoil íosta bainte amach acu chun a bheith incháilithe le haghaidh deontas áirithe chun feithiclí astaíochtaí ísle a cheannach nó a léasú;

Ag féachaint d’fhógra Uimh. 2024/X/FR a dhírítear chuig an gCoimisiún Eorpach an 21 Bealtaine 2024,

Ordaítear an méid seo a leanas:

Airteagal 1

Forlíontar Airteagal 1 d’Ordú thuasluaite an 14 Nollaig 2023 leis na forálacha seo a leanas:
‘ Ón 23 Bealtaine 2024:

Déanamh	Samhail:	Cineál Malairt Leagan (CML)
FIAT	500	FA10AEA0000A01D2B000B
RENAULT	Renault 5	P01RBEA1BEA1A50000
RENAULT	Kangoo	RFKRKJJA0AT00410B0
RENAULT	Kangoo	RFKRKJJA0AU00410B0
RENAULT	Kangoo	RFKRKJJA0AY007G0B0
RENAULT	Kangoo	RFKRKJJA0AY00830B0
TESLA	Model Y LR RWD (120kW)	003Y5LRBJB3S5T3X
TESLA	Model Y LR RWD (125kW)	003Y5LRBKB3S5T3X
TESLA	Model Y LR RWD (127kW)	003Y5LRBLB3S5T3X
TESLA	Model Y RWD (88kW)	003Y6LRBFB3S5T3X
TESLA	Model Y (125kW)	003Y6LRBKB3S5T3X
TESLA	Model Y SP (88kW)	005Y7CRBFB3S5T3X
TESLA	Model Y SP (127kW)	005Y7CRBKB3S5T3X
TESLA	Model Y SP (100kW)	005Y7CRPGB3S5T3X
TESLA	Model Y SP (120kW)	005Y7CRPJB3S5T3X
VOLKSWAGEN	ID.7 PRO 210KW	EDABEDFAD7PX2 PPE1MP001A
VOLKSWAGEN	ID.7 TOURER PRO 210 KW	EDACEDFAD7PX2PPE1MP001A
VOLVO	EC40	XKEBUL0?
VOLVO	EX40	XZEBUL0?

»

Airteagal 2

Beidh Ard-Stiúrthóir na bhFiontar agus an tArd-Stiúrthóir um Fhuinneamh agus Aeráid araon freagrach as an Ordú seo a chur chun feidhme, a fhoilseofar in Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince.

Arna dhátú 21 Bealtaine 2024

An tAire um Gheilleagar, Airgeadas agus
Ceannasacht Thionsclaíoch agus
Dhigiteach, Thar ceann an Aire agus trí
tharmligean:
Ard-Stiúrthóir na gCuideachtaí,

T. Courbe

An tAire um Aistriú Éiceolaíoch agus
Chomhtháthú Críochach, Thar ceann an
Aire agus trí tharmligean:
An Stiúrthóir Aeráide, Éifeachtúlachta
Fuinnimh agus Aeir,

D. Simiu